

PLEAN STRAITÉISEACH 2024-28



Acadamh Ríoga na hÉireann
Royal Irish Academy



Acadamh Ríoga na hÉireann – barr feabhais agus scoláireacht a chothú chun leas an phobail



Acadamh Ríoga na hÉireann
Royal Irish Academy

Réamhrá

Baineann luach don tsochaí leis an eolas. Is iad na mearathruithe ar an teicneolaíocht an comhthéacs domhanda reatha, maille le ceannródaíocht agus dul chun cinn cultúrtha san eolas a bhfuil domhan mearathraitheach á mhúnlú acu. Maolaítear an dul chun cinn sin, áfach, leis an mbonn a bhaint de ghnásanna idirnáisiúnta, le teacht chun cinn an údarásaíochais, fás as cuimse ar an mbochtaineacht, méadú ar choimhlint agus aeráid atá ag dul in olcas. Tá géarú ar scoilteacha, neamhionannais struchtúracha agus bristeacha sa daonlathas ag baint den iontaoibh phoiblí sna buninstitiúidí

amhail an saol acadúil, an rialtas agus na meáin, agus iontu siúd ag a bhfuil saineolas eolaíochta. Agus líon síormhéadaitheach faisnéise agus mífhaisnéise á chur ar fáil, is ríthábhachtach iad foinsí inchreidte eolais chun tacú le dioscúrsa poiblí atá gníomhach agus eolach. Tá gá anois níos mó ná riamh le guth atá iontaofa neamhspleách. Leagtar amach sa phlean straitéiseach seo, sna cúig bliana amach romhainn, conas a chuirfimidne in Acadamh Ríoga na hÉireann lenár dtionchar mar ghuth neamhspleách agus a fheabhsóimidne ár dtorthaí, le todhchaí atá níos inbhuanaithe agus níos

ionchuimsithí a thógáil. Caithimid an-dúthracht in RIA le sochaí an eolais a chothú, trí thaighde a chur chun cinn, beartas a mhúnlú agus spreagadh a thabhairt don chomhoibriú agus don rannpháirtíocht phoiblí. Díritear an plean straitéiseach seo ar chur síos a dhéanamh ar ár dtosaíochtaí do na chéad chúig bliana eile, seachas ar chuntas cuimsitheach a thabhairt ar gach gníomhaíocht de chuid RIA amach anseo.

I gcomhréir le Impact 2030, an straitéis taighde agus nuálaíochta de chuid rialtas na hÉireann, tá RIA tiomanta do scoláireacht ghníomhach a dhéanamh, d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sochaíocha trí aitheantas a thabhairt don taighde den scoth, trína dhéanamh agus trí thacú leis. Ba cheart go mbeadh léargas eolach agus fianaise mar bhonn agus mar thaca ag an gcinnteoireacht. Bíonn rochtain de dhíth ar an lucht ceaptha beartais ar fhaisnéis chruinn agus ábhartha le cinntí a dhéanamh agus lena chinntiú go mbíonn

beartais comhréireach le riachtanais na sochaí. Le cruinniú an tsaineolais agus le comhroinnt na faisnéise, is féidir le RIA gníomhú chun léargas agus comhairle luachmhar a thairiscint ar fud na ndisciplíní ar fad. Leis sin, áirithítear go mbíonn bonn maith eolais faoi bheartais, go mbíonn siad ábhartha, agus go mbíonn siad in ann torthaí inmhianaithe a bhaint amach.


Is maith choiteann é an t-eolas, agus ba cheart mar sin go mbeadh sé ar fáil do chách. Is é a inrochtaineacht an luach atá taobh thiar den eolas, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann lena scaipeadh agus le hoscailteacht. Le lánpháirtiú breise na teicneolaíochta lenár n-oibríochtaí amhail ardáin dhigiteacha, osclófar ár leabharlann agus a cartlanna agus bailiúcháin ábhalmhóra. Cuirfidh sé sin ar chumas scoláirí agus daoine den phobal, beag beann ar a suíomh geografach, rochtain a fháil ar na hacmhainní cultúrtha agus oidhreachta atá faoinár gcúram. Agus é ag feidhmiú mar

an ósteagraíocht do Thaisclann Dhigiteach na hÉireann agus d'Fhóram Náisiúnta na hÉireann um Thaighde Oscailte (NORF), tá RIA tiomanta dár dtorthaí taighde, iriseáin fhoilsithe agus sonraí cultúrtha a chur ar fáil ar bhonn inrochtana saor in aisce. Féachfaimid freisin leis an bhfor-rochtain agus an rannpháirtíocht a mhéadú, agus lenár gceangail leis an bpobal a neartú trí ghníomhaíochtaí atá bainteach leis an oidhreacht, mar a samhlaíodh i straitéis náisiúnta Oidhreacht Éireann 2030.

Baineann ríthábhacht leis an gcomhoibriú chun na huailmhianta sa phlean seo a fhíorú, agus féachfaimid le saothrú le heagraíochtaí eile náisiúnta agus idirnáisiúnta a gcomhroinneann tosaíochtaí agus luachanna linne. Is eol dúinn ó na príomhchaidrimh atá ann cheana le ranna rialtais, comhacadaimh agus institiúidí cultúrtha agus léannta eile gur trí chomhbair chomhpháirtíochta, idir idirdhisCIPLíneach agus trasdisciplíneach, is féidir linn eolas agus acmhainní a chur le

chéile agus smaointe nua a bhrú ar aghaidh. Tá tuilleadh tacaíochta ann don aidhm sin trí thimpeallacht ionchuimsitheach agus shaibhrithe a chruthú ina bhfuil dearcthaí éagsúla. Leanfaidh RIA ar aghaidh ag cur leis an saothar atá curtha i gcrích cheana féin i ndáil le combhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú. Beidh iarrachtaí leanúnacha i gceist lenár dtiomantas don bharr feabhais ionchuimsitheach chun ár mballraíocht, painéil mheasúnaithe, coistí agus cláir bheartais agus rannpháirtíochta poiblí a dhéanamh níos éagsúla, trí chur chuige trasnach a ghlacadh i leith sochaí iomlán na hÉireann a léiriú ar bhealach níos fearr. Tá rún daingean ag RIA acmhainní Gaeilge a fhorbairt agus a chaomhnú, agus coinneoidimid orainn ag lánpháirtíú na Gaeilge lenár ngníomhaíochtaí agus cumarsáid, agus ceann de phríomhaidhmeanna na straitéise náisiúnta don Ghaeilge 2010–30 á fhíorú leis sin.

Tá ár bplean straitéiseach eagraithe timpeall ar cheithre phríomhspríoc, lena bhfeabhsóimid



ár dtionchar ar cheisteanna lena mbaineann tábhacht náisiúnta agus ar bheartas trí úsáid mhéadaithe a bhaint as ár mballraíocht agus trí chomhpháirtíochtaí le scoláirí, lucht ceaptha beartais, fiontraithe agus an tsochaí shibhialta. Thairis sin, leanfaimid orainn ag díriú ar aitheantas a thabhairt agus ceiliúradh a dhéanamh ar an mbarr feabhais; taighde a léiriú, a chistiú agus a fhoilsiú; agus tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí luath-ghairmréime trí mheán Acadamh Óg na hÉireann agus trínár gclár deontas.

Tá gníomhartha mionsonraithe, inghníomhaithe agus intomhaiste á bhforbairt lenár gcuspóirí a bhaint amach trí phlean cur chun feidhme. Déanfaimid athbhreithniú go tráthrialta ar an bplean agus ar ár ndul chun cinn chun na cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh, agus ár n-oibríochtaí a chur in oiriúint de réir mar is gá lenár n-aidhmeanna a bhaint amach. Déanfaimid infheistíocht inár gcumas eagraíochtúil agus díreoimid ar ár struchtúir inmheánacha a ailíniú lena áirithiú

gur féidir linn an straitéis uailmhianach seo a bhaint amach.

Múnlaíodh an straitéis le léargas ónár gComhairle, comhaltaí, foireann, coistí ildisciplíneacha agus príomhpháirtithe leasmhara. Rinne meitheal plean straitéisigh, faoi chathaoirleacht rúnaí RIA, na hionchuir uile sin a thiomsú, agus dhréachtaigh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an plean, ar ghlac Comhairle RIA leis. Ba mhaith leis an ngrúpa buíochas a ghabháil le gach duine a rannchuidigh lena n-ionchur agus treoraíocht luachmhar.

An tOllamh Pat Guiry
Uachtarán, RIA



An Dr Siobhán O'Sullivan
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, RIA



Cúlra

Acadamh Ríoga na hÉireann

Bunaíodh Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) thiar in 1785, agus feidhmíonn sé mar shochaí léannta uile-oileáin, agus aitheantas á thabhairt aige don ghnóthachtáil acadúil, chomh maith le saineolas leis an maith choiteann a fheabhsú. Trí chláir thaighde, deontais, foilseacháin, leabharlann, bailiúcháin stairiúla agus imeachtaí poiblí, tá traidisiún le fada an lá ag RIA eolas agus léargas a chomhroinnt ar fud réimse iomlán na ndisiciplíní sna heolaíochtaí, sna

daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta. Agus é ag tarraingt ar ilchineálacht réimsí agus peirspictíochtaí, tacaíonn RIA le saol intleachtúil agus cultúrtha na hÉireann, agus ag obair le sochaithe léannta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta chun próifil thaighde na hÉireann a chur chun cinn. I dteannta a oibre thar ceann na gcomhaltaí, tugann RIA tacaíocht agus meantóireacht chun cuidiú leis an gcéad ghlúin eile de scoláirí agus nuálaithe a chothú trí Acadamh


Óg na hÉireann a chur chun cinn. Trí mheán a choistí ildisciplíneacha, cothaíonn RIA caidreamh leis an bpobal scoláirí in Éirinn, agus cuireann chun cinn an comhoibriú laistigh de dhisciplíní agus idir eatarthu. Brúnn RIA an t-eolas ar aghaidh trína chláir thaighde agus a chuid foilseachán, lena mbaintear sprioclucht domhanda amach. Tá acmhainní uathúla clóbhuailte agus lámhscríofa i seilbh leabharlann RIA, lena mbaineann tábhacht mhór don taighde, i stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Éascaíonn sé don taighde acadúil agus don rochtain phoiblí, agus tuiscint níos doimhne á cur chinn dá réir ar oidhreacht shaibhir na hÉireann.

Fónann RIA mar fhóram neamhspleách inar féidir le scoláirí, rialtas, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach teacht le chéile chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhleasa trí mheán an phlé agus an idirmhalartaithe eolais. Trínár n-acmhainneacht tionóil a chleachtadh, bainimid leas as eolas agus saineolas as

ár mballraíocht os cionn 660 duine agus ár líonraí idirnáisiúnta le dioscúrsa eolach agus cinnteoireacht fianaise-theoraithe a fheabhsú.

Feidhmíonn RIA mar lárionad i gcomhair scaipeadh an eolais, trí iriseáin léannta agus imleabhair acadúla a fhoilsiú, comhdhálacha a eagrú agus ardáin a chur ar fáil do thaighdeoirí ar ar féidir leo a gcuid torthaí a chomhroinnt leis an bpobal acadúil i gcoitinne agus leis an bpobal. Forbraíonn RIA caidreamh leis an bpobal luach an taighde agus na scoláireachta a chur in iúl, lena n-áirítear trí chláir oideachasúla, léachtaí poiblí, agus iarrachtaí chun torthaí taighde a dhéanamh inrochtana agus intuigthe do sprioclucht níos forleithne.

Bíonn gníomhaíochtaí ilghnéitheacha Acadamh Ríoga na hÉireann fite fuaite le chéile lena mhisean uileghabhálach a chomhlíonadh chun an barr feabhais a chothú, an scoláireacht a bhrú ar aghaidh agus an tsochaí an shaibhríú.





Plean Straitéiseach Acadamh Ríoga na hÉireann 2024–28

Is léiriú é Acadamh Ríoga na hÉireann, lena thraidisiún maorga den bharr feabhais, ar na céadta blianta de ghnóthachtáil acadúil agus rannchur léannta. Mar institiúid léinn geallaimid chun smaointe nua a ghlacadh, cultúr ildánachta, fiosracha agus nuálaíochta a chothú, agus a chinntiú go mbeidh ár gcur chuige fós ábhartha

agus in ann dul i bhfeidhm ar an saol. Is mar threochlár a leagtar an doiciméad seo amach, chun aistear chun cinn RIA a threorú mar institiúid a athraíonn lena chinntiú go gcoinneoidimid orainn ag rannchuidiú leis an léann agus leis an tsochaí ar bhonn fónta sna blianta atá amach romhainn.

Misean

Is é ár misean an barr feabhais acadúil a aithint agus a chothú, agus eolas a cheapadh, a choimeád agus a chomhroinnt ar mhaithe le leas na sochaí.

Treoirphrionsabail

NEAMHSPLEÁCHAS

FIOSRACHT

CRÍOCHNÚLACHT



IONRACAS

OSCAILTEACHT

Cuspóir

- Táimid tiomanta **chun scoth na scoláireachta a bhrú ar aghaidh agus a aithint** ar bhonn uile-oileánda, trasna disciplíní na heolaíochta, na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta.
- Geallaimid agus cuirimid chun cinn **an taighde nuálach agus den scoth**.
- Éascaímid do chomhráite idirdhisciplíneacha, lena nglactar le cumhacht chlaochlaitheach **na smaointeoireachta criticiúla agus na fiosrachta**.
- Bímid i gceannas ar **chomhrá agus anailís iontaofa agus neamhspleách** ar mhaith le tairbhe na sochaí.
- Mar thaisclann d'oidhreacht chultúrtha na hÉireann lena mbaineann tábhacht dhomhanda, caithimid le dúthracht le **stair shaibhir ár náisiúin a chaomhnú** agus í a chur ar fáil do na glúnta amach romhainn.

Tosaíochtaí Straitéiseacha

1.
Barr feabhais
a aithint agus
a chothú

2.
Eolas a chruthú,
a thionól agus a
chomhroinnt ar son
na maithe coitinne

3.
Oidhreacht chultúrtha
na hÉireann agus an
Ghaeilge a chaomhnú
agus a chur chun cinn

4.
Acadamh Ríoga
na hÉireann atá
inbhuanaithe
a fhorbairt



1. Barr feabhais a aithint agus a chothú

Ag croílár mhísean RIA tá ár dtiomantas chun béascna barr feabhais a chur chun cinn. Tá tuiscint leathan againn ar an mbarr feabhais, agus téann sé thar an méadracht uimhriúil; áirítear leis comhoibriú, ionchuimsiú agus tionchar, idir an gearrthearma agus an fadtéarma. Cuimsítear leis gnóthachtálacha acadúla chomh maith leis na próisis agus aschur lena sainítear ár n-obair.

Aithnímid agus cothaímid rannchur suntasach ó scoláirí agus nuálaithe ar fud na ndisciplíní uile. Aithnítear an barr feabhais trí bhallaíocht, leithdháiltí deontas agus dámhachtainí, arna riar trí mheán próisis atá dian, trédhearcach agus cothrom. Is é ár ngealltanas chun tacú le réimse ilchineálach scoláirí luathghairme atá mar bhonn dár bhfócas ar inbhuanaitheacht an bhairr feabhais agus den ghá le comhoibriú idirdhisciplíneach le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán dhomhanda.

Táimid tiomanta chun ár ról a imirt chun acmhainneacht a fhorbairt sna córais agus cultúir thaighde. Oibreoimid le grúpaí eile le héiceachóras bríomhar taighde a shlánú inar féidir an barr feabhais bláthú ar gach leibhéal.

Cuspóirí straitéiseacha:

- **Aitheantas a thabhairt don scoláireacht agus don nuáil:** Rannchuidithe den scoth leis an scoláireacht, buntaighde agus ceannaireacht intleachtúil a chosaint, agus ballraíocht ilchineálach agus ghníomhach a shaothrú leis an eolas sochaíoch agus cultúrtha a shaibhriú.
- **Todhchaí an taighde a mhúnlú:** Bheith i gceann feadhain ar chomhphléití agus tionscnaimh lena sainítear an chuma a bheidh ar an taighde amach anseo, agus béim á leagan ar thábhacht an bhéascna taighde leis an ionracas, fiosracht agus ionchuimsiú faoina bhun.
- **Comhoibriú idirdhisciplíneach a chothú:** Spreagadh a thabhairt go gníomhach do chomhoibrithe trasna disciplíní le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán shoचाíocha, lena chinntiú go ndéanfaidh an taighde difear agus go

mbeidh sé ábhartha, go bhfreastalaíonn sé ar leas an phobail agus go rannchuireann sé leis an maith choiteann.

- **Tacú le taighdeoirí luath-ghairmréime agus i lár gairmréime:** Trí mheán Acadamh Óg na hÉireann, taighdeoirí agus nuálaithe atá ag teacht chun cinn a shainnithint agus a threisiú, agus béim á leagan ar thábhacht na hilchineálachta agus an comhoibrithe chun comhrá idirdhisciplíneach agus rannpháirtíocht phoiblí a bhrú ar aghaidh ar mhaithe leis an tsochaí.
- **Leithdháileadh straitéiseach deontas a bhrú ar aghaidh:** Clár deontas a fhorbairt atá deartha le punann éagsúlaithe a chothabháil atá ag teacht le spriocanna straitéiseacha RIA, agus an inbhuanaitheacht agus an barr feabhais sa taighde á áirithiú dá réir.

2. Eolas a chruthú, a thionól agus a chomhroinnt ar son na maithe coitinne

Mar acadamh uile-oileánda, fónaimid mar mhol ríthábhachtach, agus saineolas éagsúil scoláireachta á aontú le dul i bhfeidhm ar dhíospóireachtaí sochaíocha agus cinní beartais a mhúnlú. Inár ról mar idirghabhálaí eolais, bíonn sé mar aidhm againn spás a chruthú do dhioscúrsa láidir agus urramach. Agus úsáid á baint as ár gcumhacht tionóil le heolas agus saineolas ár líonraí agus comhaltaí a shaothrú, cuirimid chun cinn glacadh sásraí fianaise-bhunaithe agus taighde chun a chinntiú go múnlaítear cinní beartais le faisnéis ábhartha atá cothrom le dáta.


Tarraingimid go gníomhach ar eolas ónár gcomhaltaí agus ónár dtionscnaimh thaighde le díospóireachtaí beartais a mhúnlú agus a cheapadh. Beidh ballraíocht agus foireann ghníomhach, ilchineálach agus nasctha de dhíth air sin. Trí mheán an chomhoibrithe le hacadaimh náisiúnta agus líonraí idirnáisiúnta eile, táimid san áit cheart chun dul i mbun scanadh léaslíne, rud a cheadaíonn dúinn dúshláin atá ag teacht aníos a thuar agus aghaidh a thabhairt orthu, chun a chinntiú go dtéann an taighde sin i bhfeidhm ar cheapadh beartais faoi láthair agus amach anseo.


Cuspóirí straitéiseacha:

- **Feidhmiú mar thionólaí neamhspleách d’idirghabháil an eolais:** Cur lenár ról mar thionólaí neamhchlaonta, i gceannas ar chomhráite ina dtarraingítear ar dhisciplíní ilchineálacha le ceisteanna a mhúnlú, eolas a cheapadh agus a chomhroinnt chun tairbhe na sochaí ina hiomláine.
- **An bhallraíocht a shlógadh ar son leas an phobail:** Ilchineálacht agus rannpháirtíocht ár mballraíochta a fheabhsú lena chinntiú go mbeidh réimse leathan léargas agus saineolais taobh thiar de mhúnlú ar mhaithe le leas an phobail.
- **Comhoibrithe náisiúnta agus domhanda a neartú:** Comhpháirtíochtaí Éireannach agus idirnáisiúnta a fhorbairt chun dul i ngleic le dúshlán dhomhanda,

agus eolas agus léargais á gcomhroinnt trasna teorainneacha.

- **Scanadh léaslíne a dhéanamh:** Tarraingt ar ár líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun teacht chun cinn ceisteanna nua faisnéise agus beartais a shainnithint, le fianaise neamhchlaonta, éagsúil agus shaibhir a thabhairt do chinnteoirí, ag éascú don cheapadh beartais eolach le teacht aniar sochaíoch a fhorbairt.
- **Acmhainneacht uile-oileánda a fhorbairt:** Ár n-acmhainneacht a fhorbairt chun cuspóirí léannta agus beartais a bhaint amach i gcomhthéacs uile-oileánda. Comhrá cuiditheach agus ionchuimsitheach agus clár cuimsitheach taighde a chothú le naisc níos láidre agus rannpháirtíocht fheabhsaithe thuaidh-theas a chruthú.





3. Oidhreacht chultúrtha na hÉireann agus an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn

Feidhmíonn RIA ról ríthábhachtach chun oidhreacht chultúrtha agus teanga na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú do na glúnta amach romhainn. Trí bhéim a leagan ar thionscnaimh fhadtéarmacha thaighde, acmhainní fairsinge náisiúnta a fhorbairt agus a chomhroinnt, agus ár mbailiúcháin a chaomhnú agus a léirmhíniú, caomhnóimid agus maoirseoidimid go freagrach sócmhainní cultúrtha an oileáin seo. Áiritheoidimid a n-inrochtaineacht do scoláirí agus don phobal trí mheán digiteach agus fíorúil.

Tá RIA ag oibriú go gníomhach lenár n-iriseáin fhoilsithe agus acmhainní taighde a chur ar fáil ar líne i bhformáidí rochtana oscailte, agus feabhas a chur ar an rochtain ar ár scoláireacht.

Tá lánpháirtiú na Gaeilge inár gcumarsáid mar bhonn taca faoinár bhféiniúlacht chultúrtha, agus an t-ionchuimsiú á chur chun cinn agus an béascna náisiúnta á shaibhriú.

Cuspóirí straitéiseacha:

- **Tacú leis an taighde, agus an taighde a scaipeadh:** Tionchar chláir thaighde RIA a threisiú trí thacaíocht a thabhairt dá saothar agus scaipeadh leathan a dtorthaí a áirithiú.
- **Inrochtaineacht, oscailteacht agus caomhnú digiteach a fheabhsú:** Uirlisí agus acmhainní digiteacha a fhorbairt le hinrochtaineacht bhailiúcháin RIA a fheabhsú, agus ár leabharlann agus na bailiúcháin inti a chaomhnú agus a chosaint chun a chinntiú go mairfidh siad sna glúnta amach romhainn.
- **An t-aistriú chuig rochtain oscailte a bhrú ar aghaidh:** An rochtain oscailte a bhaint amach le haghaidh iriseáin agus acmhainní taighde arna bhfoilsíú ag RIA faoi 2026, chun infhaighteacht

agus tionchar forleathan an tsaothair léannta.

- **Rannpháirtíocht le pobail:** Rannpháirtíocht RIA a mhéadú le pobail níos forleithne trí chláir oideachasúla agus for-rochtana, agus oidhreacht chultúr agus teanga na hÉireann á chur chun cinn.
- **Tacú leis an nGaeilge:** Ár saibhreas agus féiniúlacht chultúrtha a fheabhsú trí leanúint ar aghaidh ag éascú agus ag scaipeadh thaighde agus scoláireacht na Gaeilge go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus comhshaol tacúil a chruthú le haghaidh úsáid na Gaeilge i gcumarsáid agus gníomhaíochtaí RIA.

4. Acadamh Ríoga na hÉireann atá inbhuanaithe a fhorbairt

Beidh gníomhartha de dhíth de réir an ghá chun Acadamh Ríoga na hÉireann inbhuanaithe a fhorbairt chun leanúint ar aghaidh leis an rialachas a neartú, an éifeachtúlacht a fheabhsú agus foinsí cistithe a éagsúlú a thuilleadh.

Ag cur lenár stair shaibhir, aithnímid an géarghá atá ann lenár dtodhchaí a shlánú don fhadtéarma, spás a chosaint inar féidir éascú do ghníomhaíochtaí léannta agus scaipeadh eolais a fhreastalaíonn ar an maith choiteann. Rud lárnach don tosaíocht sin is ea an tiomantas don chomhionannas, ilchineálacht agus iomchuimsiú, chun a chinntiú go scaipfidh na príonsabail sin ar fud oibríochtaí, beartais agus cultúir RIA. Aithnímid go gcuimsítear leis an bhfíor-inbhuanaitheacht ábhair chomhshaoil, shochaíocha agus rialachais, i dteannta ábhair airgeadais.

Síneann ár dtiomantas lenár bhfoireann, i dtéarmaí infheistíocht a dhéanamh san fhorbairt ghairmiúil le comhshaoil oibre ionchuimsitheach agus tacúil a chothú. Trí aitheantas a thabhairt do thábhacht an bhonneagair inbhuanaithe, oibreoimid chun a chinntiú go mbeidh ár saoráidí inrochtana agus fáilteach, go dtagann siad lenár misean agus treoirphríonsabail, agus leanúint ar aghaidh lenár n-oidhreacht barr feabhais agus lenár rannchur sochaíoch.


Cuspóirí straitéiseacha:

- **Saothar ar bharr feabhais ionchuimsitheach a bhrú ar aghaidh:** Cothroime, ilchineálacht agus ionchuimsiú a leabú ar fud na heagraíochta, chun a chinntiú go dtreoraítear gach gníomhaíocht agus cinneadh leis na prionsabail sin.
- **Éifeachtacht eagraíochtúil a fheabhsú:** Rialachas agus bainistíocht a neartú le héifeachtacht agus ailíniú misin a dhaingniú.
- **Uirlisí digiteacha agus arna stiúradh le sonraí a shaothrú:** Leas a bhaint as sonraí agus réitigh dhigiteacha le feabhas a chur ar chleachtais agus córais eagraíochtúla, d'fhonn an éifeachtúlacht agus an inoiriúnaitheacht a chinntiú.
- **Cleachtais inbhuanaithe a lánpháirtíú:** Tiomantas a thabhairt don

inbhuanaitheacht thar gach beartas agus imeacht, rud a léireoidh ár ndúthracht don fhreagracht chomhshaoil.

- **An cistiú a éagsúlú agus bainistíocht airgeadais a fhorbairt:** Foinsí cistithe a éagsúlú agus airgeadas agus infheistíochtaí a bhainistiú go straitéiseach chun todhchaí inbhuanaithe agus níos athléimní a áirithiú.
- **Foireann a chruthú agus comhshaoil oibre tacúil a chruthú:** Infheistíocht a dhéanamh inár bhfoireann tríd an bhforbairt ghairmiúil, agus béascna oibre tacúil agus dírithe ar fhás a chruthú.
- **Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar inbhuanaithe:** Infheistíocht a dhéanamh i bhfoirgneamh inbhuanaithe, inrochtana agus fáilteach lena léirítear ár misean agus treoirphrionsabail.





Seachadadh agus athbhreithniú

D'fhonn ár gcuspoirí straitéiseacha a sholáthar, áiritheoidimid go mbeidh ár gcuid uailmhianta ag teacht lenár n-acmhainní (cinn struchtúracha, foirne agus airgeadais). Féachfaimid le córais airgeadais agus bainistíochta eolais a neartú ar bhealach éifeachtúil inbhuanaithe agus trédhearcacha, d'fhonn formhaoirseacht iomlán a chur ar fáil maidir le seachadadh an phlean seo. Tacóimid agus fásfaimid cumais na foirne agus forbairt scileanna

trí mheán deiseanna leanúnacha forbartha gairmiúla lena gcothaítear agus lena gcuirtear chun cinn cúrsaí dearfacha gairmréime. Is é ár gcuspoir chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chinntiú, i dteannta leis na caighdeáin ghairmiúlachta is airde.


Mar chuid de chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh 2024–28 forbróimid táscairí feidhmíochta ardleibhéil a bheidh

cuspóireach, inghníomhaithe, leanúnach agus inrianaithe. Is í an Chomhairle, i gcomhar leis an mbainistíocht shinsearach in RIA a bheidh freagrach as na cuspoírí straitéiseacha a leagtar amach sa phlean seo a sholáthar. Tuairisceoidh an Coiste Feidhmiúcháin ar bhonn débhlíantúil don Chomhairle maidir le héachtaí agus forbairtí i dtaca leis an bplean straitéiseach.

Is creat dinimiciúil é ár bplean straitéiseach 2024–28, atá deartha le dul in oiriúint do shaol athraitheach na scoláireachta agus na n-éileamh sochaíoch. Trí mheán athbheithnithe tréimhsiúla, freagróidh RIA do dhúshláin agus deiseanna nua, chun a chinntiú go mbeidh an plean fós ag teacht lenár misean chun eolas a bhrú ar aghaidh

agus rannchuidiú go dearfach le sochaí eolasbhunaithe.

Braithfidh treo ár spriocanna amach anseo, agus a bhforú, go mór ar rannpháirtíocht ghníomhach ár gcomhaltaí, le tacaíocht ónar bhfoireann dhíograiseach. Sa phlean straitéiseach 2024–28 tógtar ar an bplean straitéiseach roimhe seo, agus freagraíonn freisin do shaol athraitheach agus do chomhthéacsanna agus riachtanais shochaíocha nua. Tá fíis atá ionchuimsitheach agus a théann i bhfeidhm ar chúrsaí le fáil sa phlean seo, le heolas a ghiniúint, a scaipeadh agus a úsáid chun tacú le sochaí eolasbhunaithe a mbeidh rath uirthi agus a bheidh inbhuanaithe.



ria.ie



Acadamh Ríoga na hÉireann
Royal Irish Academy